



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815 – 1993

Scrúdú Scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'iarrrthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989*

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
Baghcat Bus Montgomery, 1956

Déan staidéar ar na doiciméid (A agus B) thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad A, cén rud nach mó do gach duine a reáchtálann buslíne a chur ar fáil?
(b) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad A, cad iad na cumhachtaí atá tugtha do dhuine ar bith a reáchtálann buslíne sa chathair?
(c) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cén gníomh ag paisinéir a mheastar a bheith neamhdhleathach?
(d) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cad a chomhairligh Martin Luther King do dhaoine gorma gan a dhéanamh Dé Luain 5 Nollaig?
(e) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, conas a chomhairligh King go gcaithfeadh an agóid a bheith síochánta?
(40)

2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a bhaineann le ceartas agus le síocháin agus cé acu doiciméad a bhaineann le rialacha agus le rialacháin? Déan tagairt don dá doiciméad i do fhreagra.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, a léiríonn fonn an staid reatha a choinneáil in Montgomery? Mínigh do fhreagra.
(20)

3. (a) As doiciméad A, roghnaigh focal nó frása a chuireann in iúl gur doiciméad dlí é? Tabhair cúis le do rogha.
(b) An foinsí príomhúla nó foinsí tánaisteacha iad doiciméid A agus B?
Tabhair cúis le do fhreagra i ngach cás.
(20)

4. Conas a d'fhreagair an tUachtaráin Kennedy agus/nó an tUachtaráin Johnson d'élimh Ghluaiseacht na gCeart Sibhialta?
(20)

- Doiciméad A -

Alt 10 agus Alt 11 de Chód Cathrach Montgomery

Alt 10

Ní mór do gach duine a reáchtálann buslíne sa chathair cóiríochtaí atá comhionann lena chéile ach atá ar leith óna chéile a chur ar fáil do dhaoine geala agus do Ghormaigh ar a chuid busanna. Ní mór a chur ar na fostaithe atá i gceannas ... suíocháin a thabhairt do na paisinéirí ar na feithiclí sa chaoi go scarann siad na daoine geala ó na Gormaigh, áit a mbíonn daoine geala agus Gormaigh ar an mbus céanna.

Alt 11

Beidh cumhacht oifigeach pólíní ag fostáí ar bith atá i gceannas ar bhus atá á reáchtáil sa chathair ... agus beidh sé mídhleathach ag paisinéir ar bith diúltú do shuíochán nó gan suíochán a thógáil i measc na suíochán a thugtar don chine lena mbaineann sé ...

Foinse: Alabama Department of Archives and History, Montgomery, Alabama.

- Doiciméad B -

Comhairle a thug Martin Luther King le haghaidh lá na stailce bus

Ná taistil ar an mbus chuig do oibre, ar scoil, ná chuig áit ar bith Dé Luain 5 Nollaig. Tá bean Ghormach eile gafa agus curtha sa phríosún toisc gur dhiúltaigh sí a suíochán bus a thabhairt suas.

Táimid ag agóid ar son bhreith an cheartais ... ní bheidh bagairt ná buláiocht ar bith ann. Ní mór an grá a bheith mar sprioc againn ... Ná lig d'fhear ar bith tú a tharraingt anuas chomh mór sin go mbíonn ort fuath a thabhairt dó.

Foinse: Sliocht as óráid a thug Martin Luther King roimh an stailc bhus in Montgomery, Dé Luain 5 Nollaig, 1956.

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic I
Éire agus an tAontas, 1815-1870*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht a bhfuil leasú déanta air is ea é seo as óráid a thug Dónall Ó Conaill do shlua ollmhór den lucht aisghairme ag Mullach Measta in 1843. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

A chairde ... ní dhéanfar margadh ar bith ... le Sasana – ní glacfaimid le rud ar bith ach leis an aisghairm agus le Parlaimint i bhFaiche an Choláiste (Baile Átha Cliath) ...

Táimid tagtha anseo le comhairle a glacadh óna chéile, agus thar aon rud eile, creidim gur tháinig sibhse le comhairle a glacadh uaimse. Is féidir liom a rá ... go bhfuil an bua go cinnte agam ... tá an aisghairm go dearfa agam, mura ndéanann sibh ach glacadh le mo chomhairle.

Táim tar éis sibh a threorú go sábháilte go dtí seo; chuir mé go mór le líon lucht na haisghairme go dtí gurb ionann iad agus daonra iomlán, nó beagnach daonra iomlán, na tíre mar go bhfuil seacht n-ochtú de mhuintir na hÉireann á gclárú féin anois ar lucht na haisghairme ...

Rachaidh mé ar aghaidh go ciúin agus go mall, ach rachaidh mé ar aghaidh go dochtaingeann, agus leis an gcinnteacht go mbuafar.

Foinse: Richard Aldous, *Great Irish Speeches*, Quercus. (Londain, 2007).

1. Cad é an rud is lú a nglacfaidh Ó Conaill leis ó Shasana?
2. De réir Uí Chonaill, cén fáth a bhfuil siad tagtha go Mullach Measta?
3. De réir Uí Chonaill, cén chuid de mhuintir na hÉireann atá á gclárú féin anois ar lucht na haisghairme?
4. Conas atá beartaithe ag Ó Conaill dul ar aghaidh d'fhoinn aisghairm a bhaint amach?
5. Tabhair cúis amháin ar theip ar Ó Conaill aisghairm Acht na hAontachta a bhaint amach.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. William Dargan.
2. William Carleton agus cultúr na hÉireann.
3. Rómhánú na hEaglaise Caitlicí i ndiaidh 1850.
4. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cad iad na modhanna a d'úsáid Dónall Ó Conaill agus é ag iarraidh Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach in 1829?
2. Conas a d'fhreagair Cumann na gCarad, agus grúpaí neamhrialtais eile, don Ghorta?
3. Conas a chuidigh Tomás Dáibhis le náisiúnachas agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn?
4. Cad iad na bealaí inar chabhraigh an Mháthair Máire Aikenhead leis an bhfaoiseamh ón mbochtaineacht agus le cur chun cinn an oideachais?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Taispeánann an chairt seo torthaí olltoghchán 1886, a bhfuil staidéar déanta agat air mar chuid de do Chás-Staidéar. Déan staidéar ar an gcairt agus freagair na ceisteanna ina diaidh.

Torthaí Olltoghchán 1886

Lucht Rialtais Dúchais	85 suíochán
Aontachtaithe Éireannacha	19 suíochán
Coimeádaigh	299 suíochán
Liobrálaigh	191 suíochán
Aontachtaithe Liobrálacha	76 suíochán

1. Ar chaith gach vótálaí Éireannach vóta ar son Rialtais Dúchais? Tabhair cúis le do fhreagra.
2. Cén páirtí polaitíochta a ghnóthaigh an lín ba mhó suíochán?
3. Cén páirtí Briotanach, na Coimeádaigh nó na Liobrálaigh, ba dóichí a dtabharfadh na hAontachtaithe Éireannacha tacaíocht dó? Tabhair cúis le do fhreagra.
4. Cén páirtí Briotanach a thug tacaíocht do chúis an Rialtais Dúchais?
5. Tar éis gur buadh ar an gCéad Bhille Rialtais Dúchais in 1886, cén fáth nár tugadh isteach an Dara Bille Rialtais Dúchais go dtí 1892?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conradh na Gaeilge.
2. Gluaiseacht na gComharchumann.
3. Longcheártáí Bhéal Feirste.
4. Óglaigh na hÉireann.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Micheál Mac Daibhéid i stair na corraíola faoin talamh agus faoi leasú an chórais talún?
2. Cén fáth ar theip ar Charles Stewart Parnell agus/nó ar Sheán Réamann Rialtas Dúchais a bhaint amach d'Éirinn?
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh le CLG cluichí Gaelacha agus náisiúnachas na hÉireann a chur chun cinn idir 1884 agus 1891?
4. Cén ról a bhí ag James Larkin sa stailc agus sa fhrithdhúnadh i mBaile Átha Cliath i 1913?

Éire: Topaic 3
Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe é seo as an nuachtán *The Irish Independent* (4 Bealtaine 1916). Cáineann sé iad siúd a bhí i gceannas ar Éirí Amach na Cásca, 1916. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Téarmaí cáinte (caitheamh anuas) ar bith a d'fhéadfadh an peann a scriobh, ní bheadh siad róláidir lena gcur ina leith siúd atá freagrach as éirí amach mire agus coiriúil na seachtaíne seo caite.

Mórthimpeall orainn, tá príomhchathair na hÉireann ina láthair léirscriosta atá coscrach le breathnú air. Cuid de na foirgnimh ba bhreátha ar shráid a bhí ar cheann de na sráideanna ab áille san Eoraip, níl iontu anois ach carnáin gan chuma de lúaith smolchaite

...
Ar pháisceanna catha na Fraince agus Flóntras ... tá an racht d'fhuil Éireannach i gcodarsnacht ghlan leis na gníomhartha a scrios cál a dtíre dúchais ...

Chuir siad rompu Poblacht Éireannach a chur ar bun. Choinnigh siad greim ar roinnt suíomh daingean in áiteanna áirithe sa chathair ar feadh thart ar 28 uair. Ón uair sin amach bhí siad timpeallaithe, ghéill cuid mhaith diobh, d'éalaigh tuilleadh agus lámhachadh cuid mhaith diobh.

1. Cad iad na focail a thugann le tuiscint nach raibh an nuachtán sásta le hÉirí Amach na Cásca?
2. Cad a tharla do chuid de na foirgnimh ba bhreátha sa chathair?
3. Cad a chuir ceannairí Éirí Amach na Cásca rompu a bhaint amach?
4. Tar éis thart ar 28 uair, cad a tharla dóibh siúd a chuaigh amach ag troid in Éirí Amach na Cásca?
5. Ainmnigh beirt de cheannairí Éirí Amach na Cásca, 1916.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Na cúiseanna le bua Shinn Féin in olltoghchán 1918.
2. Cogadh na Saoirse, 1919-1921.
3. Richard Dawson Bates.
4. Evie Hone.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag an gCuntaois Markievicz i gcúrsaí na hÉireann idir 1913 agus 1922?
2. Tar éis idirbheartaíochtaí an Chonartha, cad iad príomhthéarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh a síniódh i Londain ar 6 Nollaig 1921?
3. Cad iad na bealaí inar chuidigh Comhdháil Chorp Chríost i 1932 chun féiniúlacht chultúrtha Chaitliceach an tSaorstáit a chur chun cinn?
4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar an saol i mBéal Feirste idir 1939 agus 1945?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe é seo a thugann cuntas ar na dála in Grosse Îsle, a bhfuil staidéar déanta agat air mar chuid de do Chás-Staidéar. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Faoi dheireadh Bealtaine 1847 bhí daichead árthach i gcomharsanacht Grosse Îsle, agus oiread agus 13,000 imirceach ar coraintín (ar leithligh) ina líne a bhí ag sineadh gan bhriseadh dhá mhile síos Abhainn San Labhrás.

Measadh i dtuairisc eile seachtain ina dhiaidh sin 21,000 dídeanaí a bheith ar an oiléán. Bhí cúrsái ó smacht go ceann na míonna ina dhiaidh sin.

Fuair a lán daoine bás ar chuid mhaith de na longa sin agus iad ar muir, agus ar ndóigh lean slad an ghalair mar, ar feadh tréimhsí fada, coisceadh ar na paisinéiri a mhair teacht i dtír.

Foinse: James S. Donnelly, *The Great Irish Famine*. Sutton (Londain, 2001).

1. Faoi dheireadh Bealtaine 1847, cé mhéad árthach a bhí tar éis Abhainn San Labhrás a bhaint amach?
2. Cé mhéad duine a bhí ar coraintín faoin dara seachtain?
3. Cén téar ina bhfuil Grosse Îsle?
4. Cén fáth a bhfuair a oiread sin daoine bás ar muir?
5. Cén tionchar a bhí ag an imirce le linn na ndeich mbliana den Ghorta, 1845-1855, ar an nGaeilge?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. An tOrd Oráisteach i gCeanada agus san Astráil.
2. An Eaglais Chaitliceach agus imircigh Éireannacha.
3. CLG agus Diaspóra na hÉireann.
4. An imirce as Éirinn, 1920-1966.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Ar éirigh le misean de Valera go Meiriceá (Meitheamh, 1919 – Nollaig, 1920) nó ar theip ar? Déan do chás a áitiú.
2. Conas a bhain John Devoy leas as an iriseoireacht agus as an bpolaitíocht i Meiriceá chun náisiúnachas na hÉireann a chur chun cinn?
3. Cad iad na bealaí inar chuidigh Boss Croker agus/nó Paul O'Dwyer le saol an diaspora Éireannaigh i Meiriceá?
4. Cad a bhain an tEaspag Edward Galvin amach mar cheannaire misinéireachta?

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe é seo as cuntas le Bernadette Devlin ar an taithí a bhí aici ar na pólíní ag an mánraíl ar son cearta sibhialta i gcaothair Dhoire ar 5 Deireadh Fómhair, 1968. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Chuaigh mé go Doire ar 5 Deireadh Fómhair 1968 ... Is cathair mharbh í Doire de ghnáth; tá thart ar dhuine as gach cúigear de na fir difhostaithe agus bionn mothú gruama ar fad san áit. Ach bhí spleodar inti an lá sin ...

Ní raibh a fhios ag mo chairde ná agam féin cá raibh an mháirseáil le tosú, agus bhí eagla orainn fiafraí ar fhaítíos go gcuircfimis an cheist ar an duine mícheart agus go dtabharfaí greasáil dúinn dá bharr ... Bhain na pólíní na meirgí dinn agus bhual siad cúpla duine ar a gcloigeann ...

Ansin d'éirigh Eamonn McCann suas ar chathaoir ... Dúirt sé le lucht na máirseála go raibh dhá rogha acu: d'fhéadfaidís dul abhaile, nó d'fhéadfaidís siúl isteach i dtródam na bpólíní go ndéanfaí ciseach diobh sraith ar shraith ...

Bhí mé tar éis a bheith ag faire ar na pólíní agus chonaic mé iad ag siothlú síos ar dhá thaobh na máirseála ionas go raibh siad anois timpeall orainn ... ní dhearna siad ach bogadh isteach ar na ceithre thaobh, le smachtíni agus sála agus buataisí agus bhual siad gach duine amach as an tsráid.

Foinse: Bernadette Devlin, *The Price of my Soul*, Deutsch, (Londain, 1969).

1. Cén leibhéal difhostaithe a bhí i measc na bhfear i gcaothair Dhoire?
2. Cén fáth a raibh eagla ar Bernadette Devlin fiafraí cá raibh an mháirseáil le tosú?
3. Seachas dul abhaile, cén rogha a thug Eamonn McCann do lucht na máirseála?
4. Tar éis gabháil timpeall ar lucht na máirseála, cad a rinne na pólíní ina dhiaidh sin?
5. Luaih éileamh amháin a bhí ag Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (NICRA).

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Sir Basil Brooke (Lord Brookeborough).
2. Na cúiseanna ar theip faoi dheireadh leis an bhfeidhmeannas comhroinnt cumhachta, 1973-1974.
3. Tionchar “na dTrioblóidí” ar gheilleagar Thuaisceart Éireann.
4. Dearbhú Shráid Downing, 1993.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cé na haidhmeanna agus na gníomhaíochtaí a bhain le Printísigh Dhoire, agus cén tionchar a bhí acu ar an saol sa chathair sin?
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Terence O'Neill mar Phríomhaire Thuaisceart Éireann idir 1963 agus 1969?
3. Cé chomh fada agus is féidir breathnú ar fhlíocht Shéamuis Heaney mar fhreagairt do na “Trioblóidí” i dTuaisceart Éireann?
4. Cad iad na buaicphointí i ngníomhréim pholaitíochta Ian Paisley le linn na tréimhse, 1966-1993?

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht seo as óráid a thug Micheál Ó Laoire, Aire Saothair, i nDáil Éireann, 8 Bealtaine, 1975, tugann sé cuntas a chomhair ar na hathruiithe a thug sé isteach ar mhaithle stádas na mban. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá an phríomhbhéim de thiomantas an Rialtais sa réimse seo coimrithe i dtéarmaí an Achta um Fhrith-Idirdhealúchán (Pá), 1974, a thugann cearta do mhná ar chomhionannas pá, rud atá le teacht i bhfeidhm ag deireadh na bliana ...

Tá feabhas mór curtha ar an gcód leasa sóisialta. Anois iocatar a liúntais leanai le mná mar cheart ... Máthair neamhphósta a choinníonn a leanbh, tá sí i dteideal liúntas leasa sóisialta. Iocatar liúntas le mná céile na bpriosúnach fadtréimhseach ... tá formhór na mban cumhdaithe anois maidir le sochar máithreachais de.

Féadfaidh mná pósta leas a bhaint as a síntíúis réamhphósta (stampai/ÁSPC) le cáiliú do shochair dhífhostaiochta, do shochair mhíchumais, do shochair dhéadliachta agus do shochair radharceolaiochta.

1. Cad a thug an tAcht um Fhrith-Idirdhealúchán (Pá), 1974 do mhná?
2. Faoin gcód leasa sóisialta, cén tuismitheoir a fhéadfaidh liúntais leanai a fháil anois mar cheart?
3. Conas a chuidigh an cód leasa sóisialta le mná céile na bpriosúnach fadtréimhseach?
4. Tar éis dóibh síntíúis réamhphósta a íoc acu, cad iad na sochair a d'fhéadfadh mná pósta a fháil?
5. Cén chaoi ar chuir Sylvia Meehan le stádas na mban?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Athruithe san oideachas i ndiaidh 1966.
2. Dearcaí athraitheacha i leith na Gaeilge ó na 1960-idí anall.
3. Tionchar an Dara Comhairle Vatacánach ar chléir agus ar thuataí na hÉireann.
4. An bhaint a bhí ag Éirinn le coinneáil na siochána faoi na Náisiúin Aontaithe (NA).

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cad iad aidhmeanna an Chéad Chláir um Leathnú Eacnamaíoch, 1958-1963?
2. Ar chuidiú nó ar bhacainn í ár mballraíocht sa CEE maidir le forbairt na hiascaireachta in Éirinn? Déan do chás a áitiú.
3. Cén tionchar a bhí ag Gearóid Mac Gearailt ar shaol na hÉireann le linn na tréimhse 1973-1987?
4. Cad iad na bealaí inar chuir Breandán Ó hEithir le cultúr agus le cúrsaí cumarsáide na hÉireann?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicií thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Cuireann sé síos ar thús an Mharxachais san Eoraip tar éis 1848. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Sa bhliain 1848 a tharla an ócáid ba mhó i stair an tsóisialachais nuair a foilsíodh i Londain an saothar dar teideal ‘The Communist Manifesto’.

Bhí Friedrich Engels (1820-59) ar dhuine de na húdair, mac le déantúsoir rachmasach. Ba é a chomhúdar ná Karl Marx (1813-83), a rugadh i nDúiche na Réine, agus ball de theaghlaich a d'iompaigh ón nGiúdachas.

In 1867 mhínigh Marx a chuid smaointe tulleadh in ‘Das Kapital’. Chreid sé go ndéanann aicme an chaipitil (úinéirí maoine) dúshaothrú (caitheamh go crua) i ngach áit ar an bprólatáireacht (oibrithe). Nuair a d'éireodh an dúshaothrú sách dona, d'éireodh na hoibrithe amach agus chruthoidís sochaí neamhaicmeach.

Foinse: T.A. Morris, *European History 1848-1945*. Collins Educational. (Londain, 2000).

1. Cén uair agus cén áit ar foilsíodh *The Communist Manifesto*?
2. Cár rugadh Marx agus cén cúlra teaghlaigh a bhí ag aige?
3. Cén leabhar a scríobh Marx in 1867?
4. De réir Marx, conas, sa deireadh, a d'fhreagródh oibrithe a ndearnadh dúshaothrú orthu?
5. Luaih athrú amháin sa tsochaí ba chúis le borradh an tsóisialachais san Eoraip roimh 1871.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Córás Metternich idir 1815 agus 1848.
2. An ghluaiseacht ar son chomhaontú na hIodáile.
3. Napoleon III.
4. Charles Darwin.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cé na cúiseanna a bhí le Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin agus cén chríoch a bhain léi?
2. Conas a chuir an smaointeoir polaitíochta Mikhail Bakunin leis an bpolaitíocht agus leis an tsochaí sa Rúis le linn na Sár?
3. Cad iad na bealaí inar chuir Baron Haussmann feabhas ar chathair Phárais?
4. Conas a chuidigh Otto von Bismarck leis an Dara hImpireacht a chur ar bun sa Ghearmáin in 1871?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe é seo as nótaí ar chomhrá le Bismarck a scríobh taidhleoir Briotanach in 1885. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Dúirt sé (Bismarck) go bhféadfadh an tUasal Gladstone a bheith ina Phriomhaire arís, fear nach bhféadfaí gnó a dhéanamh leis.

Ach an polasaí a lean Bismarck i ngnóthai coilíneacha san Afraic, ní raibh sé á spreagadh ag mothú naimhdis ar bith le Sasana. Thaobhaigh sé leis an bhFrainc maidir le gnóthai coilíneacha san Afraic d'fhoinn gráin na Fraince ar an nGearmáin a laghdú.

Ach ní raibh an toradh ar an bpolasáí seo a raibh suíl leis óir bhí an Fhrainc chomh naimhdeach leis an nGearmáin agus a bhí riamh. Le firinne, bhí an Fhrainc réidh deis ar bith a thapú chun an Ghearmáin a ionsaí agus Alsace-Lorraine a fháil ar ais.

P.H. Currie, ball d'Oifig Gnóthaí Eachtracha na Breataine, ar 28 Meán Fómhair, 1885.

1. Cén tuairim a bhí ag Bismarck den cheannaire Briotanach, an tUasal Gladstone?
2. Cén fáth ar thaobhaigh Bismarck leis an bhFrainc i ngnóthai coilíneacha san Afraic?
3. An raibh an toradh a rabhthas ag suíl leis ar thacaíocht Bismarck leis an bhFrainc? Mínigh do fhreagra.
4. Cén fáth a raibh an Fhrainc ‘réidh deis ar bith a thapú’ chun an Ghearmáin a ionsaí?
5. Cén polasaí a bhí ag Bismarck i leith an Impiriúlachais Nua?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tionsclú sa Ghearmáin.
2. An tSeirbia, 1871-1914.
3. Forbairtí san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa leigheas, 1871-1920.
4. Woodrow Wilson.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad


Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén polasaí cabhlaigh a bhí ag Kaiser Wilhelm II, agus cén tionchar a bhí ag an bpolasáí sin ar an gcaidreamh leis an mBreatain le linn na tréimhse 1890-1914?
2. Cén fáth a mbaineann tábhacht le gníomhréim an Phápa Leo XIII i stair na hEaglaise Caitlicí?
3. Conas a chuir mná leis an lion oibre le linn an Chéad Chogadh Domhanda, 1914-1918?
4. Cén tionchar a bhí ag gníomhaíochtaí Rosa Luxemburg ar imeachtaí sa Ghearmáin sna blianta roimh 1920?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Déantar magadh sa chartún seo faoin gcreideamh Naitsíoch sa chine Airíoch (sa chine għlan Għermáñach). Déan staidéar ar an għartún agus freagair na ceisteanna ina dhiāidh.



'... Is é an Fuehrer an t-oideachasóir is mó sa náisiún Gearmánach'

1. Ainmnigh trí thréith a bhaineann le hAiríoch.
2. Cén fáth nach bhfuil Goering ina Airíoch tipiciúil?
3. Cé hé an múinteoir Airíoch?
4. Cén fáth nach bhfoilseofaí an cartún seo sa Għermáin idir 1933 agus 1945?
5. Cad a bhí sa "Réiteach Deiridh" ar għlaç an córas Naitsíoch leis i ndiaidh 1941?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An forás sa raidió agus sa chineama, 1920-1945.
2. An caidreamh idir an eaglais agus an stát san Iodáil faoi Mhussolini.
3. An t-eacnamaí Briotanach, J.M. Keynes.
4. Stát Vichy sa Fhrainc, 1940-1945.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad


Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén cuspóir a bhí le seó-thrialacha Stailín sna 1930dí?
2. Conas a chuidigh Slógaí Nuremberg le bolscaireacht a chruthú do Hitler agus do réimeas na Naitsithe?
3. Cé na dálai eacnamaíocha agus sóisialta sa Bhreatain ba chúis le Máirseáil Jarrow i nDeireadh Fómhair 1936?
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Winston Churchill mar cheannaire in aimsir chogaidh idir 1940 agus 1945?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 4
Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is léarscáil í seo de Bheirlín agus é roinnte i 1961. Déan staidéar uirthi agus freagair na ceisteanna ina diaidh.



1. Cé na Cumhachtaí de chuid an Iarthair a bhí ar stáisiún i mBeirlín Thiar?
2. Cé mhéad aerfort atá i mBeirlín Thiar?
3. Cén fáth a raibh sé tábhachtach roinnt aerfort a bheith i mBeirlín Thiar?
4. Cén tir chumannach a raibh seilbh aici ar Bheirlín Thoir?
5. Cad iad na forbairtí i dtíortha an bhloic chumannaigh ba chúis le titim Bhalla Bheirlín i nDeireadh Fómhair 1989?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr faoi cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Bunús an Chogaidh Fhuair san Eoraip.
2. Bunú an CEE i 1957.
3. Mar a d'athraigh ról na mban idir 1950 agus 1980.
4. Alexander Solzhenitsyn.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le hImre Nagy agus/nó le Nikita Khruschev mar cheannairí polaitíochta?
2. Cén bunús a bhí le géarchéim na hola i 1973 agus cén tionchar a bhí aici ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí san Eoraip?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí John Lennon i stair chultúr na hóige agus an chultúir choitinn?
4. Cad iad na hathruithe a thug an Dara Comhairle Vatacánach isteach san Eaglais Chaitliceach?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo as óráid a thug Príomh-Aire na Breataine, Sir Anthony Eden, don chomhaireacht Bhriotanach ar 27 Iúil 1956. Tugann sé a thuairim ar Ghéarchéim Suez. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ní ceist dlí amháin é gníomh an Choirnéil Nasser agus é ag náisiúnú (glacadh isteach in úinéireacht stáit) Chanáil Suez. Is rud é lena mbaineann an tábhacht idirnáisiúnta is leithne ...

Ní mór ár leas riachtanach anseo a chosaint, más gá, le gníomhaíocht mhíleata. Fiú má bhíonn orainn gníomhú inár n-aonar, ní féidir linn gan fórsa a úsáid chun ár ndála a chosaint, má theipeann ar gach bealach eile chun iad a chosaint.

Má loiceann ar chumhachtaí an Iarthair na céimeanna riachtanacha a thabhairt agus smacht a fháil ar ais ar an gcanáil, tubaiste mhór a bheas ann do gheilleagar chumhachtaí an Iarthair agus dá dtionchar sa Mheán-Oirthear.

1. Cén gníomh a rinne an Coirnéal Nasser?
2. Cad a mholann Eden chun ‘leas riachtanach’ na Breataine a chosaint ansin?
3. An bhfuil an Bhreatain réidh chun gníomhú, bíodh cabhair aici ó chumhachtaí an Iarthair nó ná bíodh? Bíodh fianaise as an sliocht agat mar thacaíocht le do fhreagra.
4. De réir Eden, cén toradh a bheadh air dá dteipfeadh ar chumhachtaí an Iarthair smacht a fháil ar ais ar an gcanáil?
5. Luaigh toradh amháin ar ghníomhaíocht na Breataine ar Chanáil Suez i nDeireadh Fómhair, 1956.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. David Ben-Gurion.
2. Leathadh Ioslaim agus na Críostaíochta san Afraic.
3. Julius Nyerere agus polasaí ujamaa.
4. Conas a d'éirigh an Bhreatain ina sochaí ilchiníoch.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh an mBreatain san idirbheartaíocht idir 1945 agus 1947 maidir le tarraigte siar as India?
2. Conas a dhéileáil Charles de Gaulle leis an éileamh ar neamhspleáchas na hAilgéire?
3. Cén fáth ar scar Katanga ón gCongó le linn na tréimhse 1960-1965, agus cén tionchar a bhí ag an scaradh sin ar an gCongó?
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Ho Chi Minh agus/nó le hAchmad Sukarno mar cheannairí polaitíochta sna blianta i ndiaidh 1945?

Leathanach Bán

Leathanach Bán